



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'Iarrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 2

Éirí amach agus concas in Éirínn i réimeas Eilíse, 1588-1603

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Gairm chléiriúil Meiler Magrath

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1.
 - (a) Dar le doiciméad A, cérbh é Easpag an Dúin agus Chonaire i 1565?
 - (b) De réir dhoiciméad A, cén prionsa tábhachtach Éireannach a raibh gaol aige le Meiler Magrath?
 - (c) Dar le doiciméad A, cad a bhí déanta ag Meiler Magrath nach raibh daoine eile ábalta a dhéanamh?
 - (d) De réir dhoiciméad B, cén bharúil a bhí ag Easpag Londan de Meiler Magrath?
 - (e) De réir dhoiciméad B, cad iad na teoracha a thug an Bhanríon do Sidney faoi Meiler Magrath? (40)

2.
 - (a) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal go bhfuil Meiler Magrath oiriúnach le bheith ina eaglaiseach? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
 - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a thugann moladh do Meiler Magrath? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

3.
 - (a) Cén fhianaise a fhaigheann tú i ndoiciméad A gur duine cumasach ab ea Meiler Magrath?
 - (b) Cén fhianaise a fhaigheann tú i ndoiciméad B go raibh Meiler Magrath ábalta a chur ina lúí ar dhaoine go raibh sé dílis don Bhanríon? (20)

4. Cén fáth a raibh Meiler Magrath tábhachtach le linn d'Eilís I a bheith i réim? (20)

- Doiciméad A -

Seo sliocht coimrithe as litir ó Juan de Polanco, Íosánach tábhachtach a raibh tionchar aige sa Róimh, chuig Richard Creagh, Ardeaspag Ard Mhacha. Scríobhadh an litir ar an 2 Nollaig 1565.

Tá cóipeanna de na litreacha coigistithe inar dheimhnigh an Pápa do cheapachán mar Ardeaspag ar Ard Mhacha faighte faoi dheireadh. Cuireadh an beart i gcrích mar thoradh ar sháriarrachtaí Easpag an Dúin agus Chonaire, Meiler Magrath.

Tá gaol fola aige leis an Tiarna Séan Ó Néill, prionsa Uladh, agus ceapadh go raibh sé oiriúnach le ceapadh mar easpag mar gheall ar a shuáilcí. Chuaigh sé i mbun na litreacha thuasluaite a fháil le fuinneamh agus le díograis an-mhór. Ní fhéadfadh fiú ár bprócadóir féin, ainneoin a dhíchill, an méid a bhaint amach agus atá curtha i gcrích ag an easpag Meiler Magrath trína chúram agus a dhúthracht.

Impím ar do Thiarna Ró-Oirmhinneach buíochas a ghlacadh leis as ucht a chuid iarrachtaí agus cuidiú leis ina dheoise. Creidim go láidir go mbeidh sé an-tairbheach do do Thiarna chun leas eaglais Ard Mhacha agus a tréad a chur chun cinn.

- Doiciméad B -

Seo sliocht coimrithe as litir ón mBanríon Eilís I chuig Sir Henry Sidney faoi theacht Meiler Magrath go hÉirinn. Scríobhadh an litir ar an 5 Márta 1570.

Meiler Magrath is ainm don Éireannach eile. Chiontaigh sé i gcoinne ár ndlíthe trí dhul i muinín na Róimhe agus glacadh le heaspagóideacht agus le ceapacháin eile gan bhunús ón bPápa, rud atá i gcoinne dhlí Dé agus ár ríochta.

Ach tá glactha aige le teagasc. Tá Easpag Londan agus daoine eile den tuairim gur duine oiriúnach é le filleadh ar Éirinn chun é a cheapadh chuig ministreacht éigin.

Agus mar sin, táimid ag iarraidh ortsa roinnt de na hEaspaig nó daoine léannta eile a cheapadh le labhairt leis nuair a thagann sé go hÉirinn. Gheofar amach go bhfuil sé ceart agus fóinteach don eaglais ansin. Bíodh níos mó fabhair le fáil aige as ucht a oiriúnaithe. B'fhéidir go leanfadh daoine eile den sórt céanna, atá imithe ar strae, a shampla agus go dtréigfidís a gcuid earráidí.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Léigh an sliocht coimrithe seo a leanas ón staraí, Philip Wilson, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

D'éalaigh Gearóid Chill Dara chun na Fraince i mí an Mhárta 1540. Tar éis dó a bheith ar fán ar feadh mórán míonna, rinne sé a bhealach chun na Róimhe. Fuair sé oideachas liobrálach ansin ar chostas duine muinteartha cáiliúil dá chuid, Reginald Pole.

Nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois chuaigh sé le Ridirí Mhálta agus throid sé go hoirirc i gcoinne na dTurcach i dTripilí.

I réimeas Éadbhard VI, chuaigh sé go Sasana. Bhí sé le feiceáil sa chúirt agus fuair sé gradam ridireachta.

Nuair a tháinig Máire Túdar, Banríon Chaitliceach, i réim, agus nuair a ceapadh Reginald Pole, a dhuine muinteartha agus a bhronntóir, mar Ardeaspag Canterbury agus mar Chairdinéal Leagáide, bhí an chonstaic dheiridh a bhí sa bhealach ar a rathúlacht imithe.

Foinse: Philip Wilson, *The Beginnings of Modern Ireland, 1509-1560*, (Baile Átha Cliath, Maunsel & Co Ltd., 1912).

1. Cé a d'íoc as oideachas Ghearóid Chill Dara?
2. Cá ndearna Gearóid Chill Dara seirbhís mar fhear míleata?
3. Cén onóir a fuair Gearóid Chill Dara nuair a chuaigh sé chuig an gcúirt i réimeas Éadbhard VI?
4. Cén dá imeacht a bhain an chonstaic dheiridh a bhí sa bhealach ar rathúlacht Ghearóid Chill Dara?
5. Luaigh aidhm amháin a bhí ag Conradh na nGearaltach.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Éirí amach Chill Dara, 1534-1535.
2. An polasaí géillte agus athbhronnta.
3. Bailte móra agus gildeanna.
4. Con Bacach Ó Néill.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas ar éirigh le Gearóid Mór, an t-ochtú hIarla ar Chill Dara, saibhreas agus cumhacht a bhaint amach?
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le plandáil Laoise agus Uíbh Fhailí?
3. Cén tábhacht a bhain le Scoileanna na mBard do chultúr na nGael?
4. Cad iad na cearta agus na cosaintí a bhí ag mná faoi dhlí na nGael?

Ríocht nó coilíneacht - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déantar plé sa sliocht coimrithe seo ar an éileamh ar shíoda sa seachtú haois déag luath. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Mar iarracht chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil, chuir ordú sa bhliain 1555 cosc ar cheannaithe aon rud a d'fhéadfaí a dhéanamh i mBaile Átha Cliath a iompórtáil.

Bhíothas a mhaíomh thart ar 1610 gur thóg fir óga as Cúige Mumhan amach morgáistí chun stocaí síoda a cheannach agus gur choinnigh siad faoi ghlas iarainn iad ar fhaitíos go ngoidfí iad.

I 1632, ghabh údarais chalafort Átha Cliath lasta de bhandaí síoda i gcomhair hataí agus lása síoda ó Nicholas Kenny, ceannaí áitiúil.

I 1649, d'fhág baintreach dheabhóideach darbh ainm Ellen Shee a cóitín dearg síoda le huacht ag Séipéal Mhuire, Cill Chainnigh, le go dtabharfaí onóir don Tiarna trí antependium (brat a bheadh le crochadh os comhair na haltóra) a dhéanamh as.

Bhí éileamh chomh mór sin ar éadaí síoda, go háirithe veilbhít, gur mhinic a rinne ceannaithe Dúitseacha agus Sasanacha iarracht an dlí a sheachaint trí earraí mar sin a iompórtáil iad féin.

Foinse: Mairéad Dunleavy, *Pomp and Poverty, a History of Silk in Ireland*, (New Haven: Yale University Press, 2011).

1. Cén lasta a gabhadh ó Nicholas Kenny i 1632?
2. Cén fhianaise sa sliocht a thugann le tuiscint go raibh stocaí síoda luachmhar?
3. Cén bronntanas a d'fhág Ellen Shee ag Séipéal Mhuire i gCill Chainnigh agus conas a bhí sé le húsáid?
4. Cad a d'iompórtáil ceannaithe Dúitseacha agus Sasanacha go minic?
5. Ainmnigh dhá thráchtearra, seachas síoda, a ndearnadh iad a thrádáil isteach go hÉirinn nó amach as Éirinn le linn na tréimhse sin.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Elizabeth Butler, Cuntaois Urumhan.
2. Teistíochtaí 1641.
3. Richard Boyle agus a theaghlach.
4. Polasaí plandála an stáit.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le triail Strafford?
2. Cad a bhain Eoghan Rua Ó Néill amach in Éirinn?
3. Cén fáth ar bunaíodh Lováin agus conas a chuaigh sé i gcion ar chultúr agus ar chreideamh in Éirinn?
4. Conas a chuaigh an tArdeaspag Rinuccini agus/nó Luke Wadding i gcion ar imeachtaí in Éirinn?

Éire: Topaic 4
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is cuntas é seo ó Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh (Roderick O'Flaherty), scoláire agus úinéir talún, ar úsáid talún i gCúige Chonnacht taobh thiar de chathair na Gaillimhe. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Cónaíonn a bformhór in aice le himeall na tíre san áit a bhfuil an talamh is fearr de ghnáth. Sa samhradh, seolann siad a gcuid eallaigh chuig na sléibhte áit a gcónaíonn siad siúd a bhíonn ag tabhairt aire don eallach i mbotháin bheaga le linn an tséasúir.

Tá féarach maith d'eallach sa réimse talún atá ar an taobh ó dheas den bharúntacht in aice le Cuan na Gaillimhe. Ach tá sé chomh creagach clochach sin, agus ithir dhomhain chomh gann sin ann, nach bhfuil ach fíorbheagán de ar féidir céachta a oibriú air. Mar sin féin, déanann na tionóntaí é a leasú chomh maith sin trína rómhar, go mbíonn arbhar acu dóibh féin, dá dtiarnaí talún agus don mhargadh.

Níor saothraíodh garraithe riamh lena leithéid de chúram. Gach uile lá ó Fhéile Mhichíl go dtí tar éis am curadóireachta, iompraíonn siad feamainn ar muin capaill ón gcladach. Uaireanta, le linn rabharta agus an taoide amuigh, téann siad amach chomh fada agus is féidir leo agus baineann siad feamainn le sceana agus caitheann an taoide suas ar an gcladach arís í. Scarann siad an fheamainn ar an talamh agus gach lá déanann siad ithir a thochailt chun í a chlúdach.

Foinse: Roderick O'Flaherty, *A Description of West or Iar Connaught*, (Corcaigh: Cork University Press, 2006).

1. Cár cuireadh eallach ar féarach le linn an tsamhraidh in Iar-Chonnacht?
2. Cár chónaigh siad siúd a bhí ag tabhairt aire don eallach sa samhradh?
3. Cén fáth nár baineadh mórán úsáide as céachtaí in Iar-Chonnacht?
4. Cén barr a tháirg na tionóntaí in Iar-Chonnacht?
5. Luaigh cúis amháin a raibh cúinsí difriúla i measc na dtuathánach ar fud na hÉireann ag an am seo.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht chun cinn na heolaíochta in Éirinn.
2. An Chomhcheilg Phápánach, 1678.
3. William Molyneux.
4. Oilibhéar Pluincéid.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharraing cinntí Pharlaimint 1689 conspóid?
2. Cad iad na nithe a bhí ag cur inní ar na filí Seacaibíteacha in Éirinn?
3. Cad iad na hathruithe a tharla i mBaile Átha Cliath tar éis na hAthghairme sa bhliain 1660?
4. Ar éirigh le gníomhréim Phádraig Sáirséil nó ar theip uirthi? Mínigh do fhreagra.

Éire: Topaic 5
**Coilíneacht nó ríocht –
teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh an staraí, David Dickson, faoin trádáil isteach is amach as Corcaigh agus deisceart na Mumhan. Léigh an sliocht coimrithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sa chéad leath den ochtú haois déag, b'fhiú thart ar an séú cuid d'easpórtálacha iomlána Chorcaí na heaspórtálacha a seoladh ón gcathair go díreach chuig na plandálacha Sasanacha. B'fhiú thart ar a dhá oiread sin an trádáil leis an Spáinn, an Phortaingéil agus an Fhrainc. Bhíodh mórán tráchta le Nantes agus Bordeaux. Chuaigh soithigh ar le daoine ó Chorcaigh iad chuig na háiteanna sin agus freisin chuig Liospóin agus Cadiz. Chuir gaolta le ceannaithe ó Chorcaigh fúthu sna háiteanna sin agus i gcalafoirt níos lú agus d'fheidhmigh siad comhpháirtíochtaí.

Bhí bunús láidir Muimhneach leis an gcoilíneacht trádála as Éirinn in Cadiz san ochtú haois déag, ach ba mhó de mhuintir Phort Láirge ná de mhuintir Chorcaí a bhí ann agus ba é Cadiz an ceann cúrsa Eorpach ba thábhachtaí a bhí ag Port Láirge idir na 1740idí agus na 1760idí. Ba í príomhchathair na Portaingéile (Liospóin) a bhí tagtha chun cinn mar phríomhchoilíneacht trádála Chorcaí i ndeisceart na hEorpa faoin dara ceathrú den ochtú haois déag. Léiríú air sin ab ea chomh mór agus a bhí an trádáil ime, seithí, earraí olla agus eorna chuici agus an trádáil fíona, siúcra Bhrasaíligh agus salainn ar ais.

Foinse: David Dickson, *Old World Colony: Cork and South Munster, 1630-1830*, (Corcaigh: Cork University Press, 2005).

1. Cá mhéad d'easpórtálacha iomlána Chorcaí a cuireadh chuig plandálacha Sasanacha?
2. Ainmnigh trí cinn de chathracha Eorpacha a ndearna Corcaigh trádáil leo.
3. Cén chathair ba thábhachtaí do Chorcaigh mar cheann cúrsa trádála san Eoraip?
4. Cén chathair ba thábhachtaí do Phort Láirge mar cheann cúrsa trádála san Eoraip?
5. Cén fáth ar fhás an trádáil soláthairtí le linn na tréimhse seo?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Paimfléadaíocht Dean Swift.
2. Bailte móra pleanáilte agus sráidbhailte eiseamláireacha.
3. Charles Lucas.
4. Na Cúirteanna Filíochta.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'úsáid teaghlach Ponsonby a gcumhacht agus cad a bhain siad amach?
2. Cad iad na cúinsí faoin tuath in Éirinn ba chúis le teacht chun cinn na mBuachaillí Bána agus cad iad na bearta a d'úsáid siad?
3. Cén fhianaise a thug na finnétithe ar son an ionchúisimh i dtrial an Athar Mhic an tSíthigh (Sheehy)?
4. Cad a bhain Margaret (Peg) Woffington amach agus/nó cé chomh beoga agus a bhí an amharclannaíocht i mBaile Átha Cliath, 1715-1770?

Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh Sir Jonah Barrington (1760-1834), abhcóide, breitheamh agus Feisire Parlaiminte do Thuaim, cuimhní cinn a bhí greannmhar. Léigh an sliocht coimrithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sna laethanta sin roinn an chosmhuintir na huaisle i dtrí aicme: fir uaisle le leathchos sa diallait, fir uaisle ó bhun go barr, agus fir uaisle go smior.

Bhí thart ar 200 acra talún an duine ag na fir uaisle a raibh leathchos sa diallait acu. Bhíodh capaill mhaithe chliste acu de ghnáth a bhí in ann léim thar aon rud. Chaitheadh na marcaigh bristí craiceann fí de ghnáth agus bróga a raibh neart bealaidh orthu. Bhíodh fuipeanna le hiallacha móra a raibh mórán luaidhe ina mbun ar iompar acu sa chaoi go mbídís ullamh i gcónaí chun fear a eachlascadh nó a chloigeann a scoilteadh.

Bhí sé d'údarás ag na huaisle seo a raibh leathchos sa diallait acu daoine a choinneáil siar ón bpáirc ag rásaí capall agus ag gach cruinniú poiblí. Bhí sé de chúram orthu marcaíocht timpeall ar an taobh istigh den pháirc, rud a rinne siad de ghnáth le díograis, ag satailt ar chuid de na daoine, ag leagan daoine eile agus ag lascadh duine ar bith a chuaigh thar an teorainn a bhí leagtha síos.

Foinse: Sir Jonah Barrington, *Personal Sketches of his own Time*, (Londain: Townsend Young, 1827).

1. Cad iad na trí aicme de dhaoine uaisle a bhí in Éirinn, de réir na cosmhuintire?
2. Cá mhéad talún, a bheag nó a mhór, a bhí ag na fir uaisle a raibh leathchos sa diallait acu?
3. Conas a bhíodh na fir uaisle a raibh leathchos sa diallait acu gléasta de ghnáth?
4. Cén ról a bhíodh ag na fir uaisle a raibh leathchos sa diallait acu ag cruinnithe poiblí?
5. Luaigh cúis amháin leis an míshásamh faoin tuath ag an am seo.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Parlaimint Grattan.
2. Mary Anne McCracken.
3. Acht an Aontais.
4. Nano Nagle.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúinsí ba chúis le hÉirí Amach Loch Garman agus cén fáth ar theip air sa deireadh?
2. Cad ba mhian le Wolfe Tone a bhaint amach agus cén fáth nár éirigh leis ina chuid aidhmeanna?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí bunú Choláiste Mhaigh Nuad do chúrsaí cultúir agus creidimh in Éirinn?
4. Cad iad na tosca ba chúis le fás Bhéal Feirste sa tréimhse 1770-1815?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Rinne Giorgio Vasari (1511-1574) cur síos ar phéinteáil an Mona Lisa ag Leonardo de Vinci. Léigh an cuntas coimrithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ghabh Leonardo air féin portráid de bhean chéile Francesco del Giocondo, Mona Lisa, a dhéanamh dó. D'oibrigh sé ar an bpictiúr seo ar feadh ceithre bliana agus ansin d'fhág sé gan críochnú é. Sa lá atá inniu ann tá sé i seilbh Rí Proinsias na Fraince, ag Fontainebleau.

Dá mbeifeá ag iarraidh a fheiceáil cé chomh dílis agus is féidir leis an ealaín aithris a dhéanamh ar an nádúr, d'fhéadfá é a thabhairt faoi deara go héasca ón gcloigeann seo; mar d'athchruthaigh Leonardo gach mionghné bheo anseo. Bhí an loinnir agus an taise nádúrtha chéanna sna siúle aici. Bhí na malaí go hiomlán nádúrtha. Bhí an tsrón péinteáilte go galánta, le polláirí rósacha fineálta mar a bhí ag an duine beo.

Chomh maith leis sin, d'fhostaigh Leonardo amhránaithe agus ceoltóirí nó fuirseoirí chun í a choinneáil lán de mheidhir agus chun an brón a chuireann péintéirí i bportráidí de ghnáth a dhíbirt. Mar thoradh air sin, bhí meangadh chomh deas sin sa phictiúr seo de chuid Leonardo go gceapfá gur meangadh diaga a bhí ann seachas meangadh saolta; agus bhí iontas an domhain orthu siúd a chonaic é go raibh sé chomh beoga leis an mbunmheangadh féin.

Giorgio Vasari, *Lives of three Renaissance Artists*, (Londain: Penguin Classics, 2006).

1. Cé a choimisiúnaigh Leonardo chun an Mona Lisa a phéinteáil?
2. Cá raibh an pictiúr den Mona Lisa nuair a scríobh Vasari a chuntas?
3. Conas a dhéanann Vasari cur síos ar shrón an Mona Lisa?
4. Cén fáth ar fhostaigh Leonardo siamsóirí le linn dó a bheith ag péinteáil?
5. Cad a chiallaíonn an focal 'Athbheochan'?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Criostóir Colambas agus fionnachtain an Domhain Nua.
2. Michelangelo Buonarroti.
3. An Frith-Reifirméisean.
4. Sevilla, calafort an Domhain Nua.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh colscaradh Anraí VIII le Cairtriona Aragon i gcion ar chúrsaí polaitíochta agus creidimh i Sasana?
2. Cad a chuir Desiderius Erasmus agus/nó Pieter Breughel Seanóir leis an gcultúr agus/nó leis an ealaín?
3. Cén pháirt a ghlac Mártan Liútar i mbunú an Reifirméisin sa Ghearmáin?
4. Conas a tháinig an Ghinéiv chun cinn mar chathair chomh tábhachtach sin don athrú creidimh?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht coimrithe é seo as dialanna an tsagairt Íósánaigh, Matteo Ricci. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is saintréith de chuid na Síneach go ndéantar a dteagasc creidimh ar fad a scaipeadh le leabhair scríofa seachas le briathra béil. Ba é an tAthair Ricci an chéad Íósánach a thug faoi staidéar a dhéanamh ar litríocht na Síne.

Thosaigh sé amach le múineadh bhunphrionsabail na Tíreolaíochta agus na Réalteolaíochta agus, cé nár mhúin sé dada i dtús báire nach mbeadh ar eolas ag Eorpach foghlamtha, chuir a chuid teagaisc barr alltachta ar fad orthu thar aon rud a shamhlaigh siad riamh. D'admhaigh cuid mhór acu go raibh siad ceandána agus mórtasach roimhe sin de bharr a gcuid aineolais ar na rudaí is fearr, ach anois go raibh a súile á n-oscailt i ndáiríre ar na rudaí ba mhó a raibh tábhacht leo sa saol.

Scríobh an tAthair Ricci fiche a cúig dréacht ar cheisteanna morálta éagsúla. Ba phaimfléid iad seo ar thug na Síneigh Tuairimí agus Abairtí orthu. Léigh cuid dá chairde Síneacha iad sular foilsíodh iad agus thacaigh siad go hiomlán leo.

Foinse: Louis J Gallagher, S.J. (aistritheoir), *China in the sixteenth century: The Journals of Matthew Ricci: 1583-1600*, (Nua-Eabhrac: Random House, 1953).

1. Cérbh é an chéad Íósánach a rinne staidéar ar litríocht na Síne?
2. Cad iad na hábhair eolaíochta a mhúin Matteo Ricci do na Síneigh i dtús báire?
3. Conas a d'fhreagair na Síneigh a tháinig faoi thionchar a theagaisc eolaíochta dó?
4. Cén t-ainm a thug na Síneigh ar a chuid scríbhinní faoi cheisteanna morálta?
5. Cé chomh maith agus a d'éirigh le misean na nÍósánach chun na Síne? Tabhair fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Catherine de Medici.
2. Tycho Brahe agus an réalteolaíocht.
3. Scor Chomhairle Trento.
4. Teacht chun cinn Mhoscóive.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a ghlac an tAimiréal Coligny i gCogaidh Chreidimh na Fraince?
2. Cén fáth ar chuir Pilib II Armáid go Sasana agus cén toradh a bhí uirthi?
3. Cad iad na cúiseanna a bhí le meathlú chalafort Antuairp (Antwerp)?
4. Cé chomh rathúil agus a bhí Eilís I mar rialtóir ar Shasana?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3
Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is cuntas é seo a leanas ar Bhanríon Christina na Sualainne agus ar a caidreamh leis an bhfealsamh Francach, Descartes. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Ó bhí sí an-óg, d'airigh an Bhanríon Christina go raibh an éadulaingt chéanna a bhain le Liútarachas na Sualainne neamhbháúil, agus faoin mbliain 1648 bhí a creideamh caillte aici. "Ní ghlacaim a thuilleadh leis an gcreideamh lena tógadh mé," a scríobh sí.

I 1646, agus í ag streachailt lena géarchéim spioradáltachta cheana féin, tugadh leabhar di a scríobh an fealsamh Francach, Descartes. Chuaigh a chuid Caitliceachais i bhfeidhm go mór uirthi. Thosaigh comhfhreagras eatarthu, a mhair tamall fada.

I 1649 thug sí cuireadh go Stócólm dó. Bhí díomá ar Descartes ar theacht ann dó mar gheall ar an bhfáilte réchúiseach a cuireadh roimhe. Is cosúil nár thaitin sé leis an mBanríon Christina nuair a bhuaíl sí leis go pearsanta.

Chuir an drochaimsir as go mór do Descartes freisin. "Sílim go reonn smaointe daoine anseo sa gheimhreadh, ar nós an uisce. Nílím ar mo shuaimhneas anseo." Níor tháinig sé slán ón bhfuacht ach ar feadh cúpla mí sular bhásaigh sé le niúmóine. Mhair a thionchar ar Christina i ndiaidh a bháis.

Foinse: Andrina Stiles, *Sweden and the Baltic 1523-1721*, (Londain: Hodder and Stoughton, 1992).

1. Cad é an rud faoi Liútarachas na Sualainne nár thaitin leis an mBanríon Christina?
2. Cad a scríobh an Bhanríon Christina faoina creideamh sa bhliain 1648?
3. Cad é an rud faoi Descartes a chuaigh i bhfeidhm ar an mBanríon Christina?
4. Cad a chuir as do Descartes sa tSualainn?
5. Conas a tharla sé go raibh an tSualainn ag teacht chun cinn mar chumhacht ag an am seo?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Cairdinéal Richelieu.
2. Anglacánaigh agus Piúratánaigh.
3. Géarleanúint na gCailleach.
4. Éirí amach na gCatalónach.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí a himpireacht san Áise don Ísiltír?
2. Cén fáth ar chuir an Chúistiúnacht Galileo ar a thriail agus cén toradh a bhí uirthi?
3. Cén tionchar a d'imir Albrecht von Wallenstein ar chúrsa an Chogaidh Tríocha Bliain?
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an gcultúr: Claudio Monteverdi; Peter Paul Rubens; Gian Lorenzo Bernini?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Labhair Ardeaspag Novgorod ag sochraid Pheadair Mhóir agus thug sé a bhreith ar réimeas an tSáir. Léigh an sliocht coimrithe seo a leanas ón óráid agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba é do Shamsón é, a thír na Rúise! Tháinig sé ort agus tú ar bheagán nirt agus d'fhág chomh láidir le carraig thú. Chuir sé fiontair i gcrích nach raibh iomrá orthu roimhe sin sa Rúis – tógáil agus lainseáil long. Ba é do Mhaois é, a thír na Rúise! Nach iad a chuid dlíthe na slabhraí dohriste a chuireann an choireacht faoi chois? A thír na Rúise! Ba é do Sholamh é, a fuair flúirse gaoise agus réasúin ón Tiarna.

Nach bhfuil cruthúnas againn sna disciplíní nua intleachtacha a thug sé isteach agus sna hiarrachtaí a rinne sé a ghéillsinigh a theagasc in eolas, in aireagáin, agus i dteicnící nach raibh aon eolas againne orthu? Agus céard faoi na haicmí agus na teidil, na dlíthe sibhialta, na rialacháin dea-roghnaithe maidir leis an saol sóisialta, na gnásanna agus na rialacha nua iompair, na feabhsúcháin a cuireadh ar ár ndealramh seachtrach?

Féachaimid orainn féin agus iontas an domhain orainn ár dtír dhúchais a fheiceáil athraithe chomh suntasach sin agus í seacht n-uaire níos fearr ná mar a bhí.

1. Conas a chuir Ardeaspag Novgorod Peadar Mór i gcomparáid le Samsón?
2. Cad iad na fiontair nua a thug Peadar Mór isteach sa Rúis?
3. Conas a chuir an tArdeaspag Peadar Mór i gcomparáid le Maois?
4. Conas a d'athraigh Peadar Mór an saol sóisialta, de réir an Ardeaspaig?
5. Cén fáth ar aistrigh Peadar Mór a phríomhchathair ó Mhoscó?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sébastien le Prestre de Vauban.
2. Jean Baptiste Colbert.
3. Na hÚgónaigh.
4. An Turas Mór.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag cúirt Versailles ar an saol san Eoraip?
2. Cén fáth a ndeachaigh Louis XIV i mbun cogaiochta leis na Dúitsigh, 1660-1697, agus cén toradh a bhí ar na cogai seo?
3. Cad a chuir Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz leis an eolas ar an eolaíocht?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Comhlacht (Sasanach) na hIndia Thoir agus cad a d'éirigh leis a chur i gcrích le linn na tréimhse seo?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Impireachtaí á mbunú, 1715-1775

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh Lady Wortley Montague ó Chathair Aidrian (1 Aibreán 1718) chuig a cara i Sasana. Rinne sí cur síos ar an gcaoi a ndéanadh na Turcaigh ionaclú in aghaidh na bolgaí. D'fhéadfadh gur imir sí tionchar ar cheannródaithe níos déanaí ar nós Edward Jenner. Léigh an sliocht coimrithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

An bholgach atá chomh marfach agus coitianta inár measc féin, níl dochar dá laghad inti anseo mar thoradh ar aireagán a dtugtar 'nódú' ('ingrafting') air. Tá scata de sheanmhná a dhéanann an obráid, gach fómhar, i mí Mheán Fómhair nuair a bhíonn an teas mór maolaithe.

Téann daoine i dteagmháil le chéile chun a fháil amach an bhfuil aon duine dá dteaghlaigh ag iarraidh an bholgach a fháil. Cuireann siad grúpaí le chéile don chuspóir seo, 15 nó 16 le chéile. Tagann an tseanbhean le blaosc cnó lán le hábhar ón gcineál bolgaí is fearr agus fiafraíonn sí cén fhéith ba mhian leat a oscailt. Osclaíonn sí i le snáthaid mhór agus cuireann sí an méid ábhair is féidir léi a chur ar bhior a snáthaide isteach san fhéith agus, ina dhiaidh sin, fáisceann sí an chneá bheag le píosa folamh den bhlaosc; agus ar an mbealach seo osclaítear ceithre nó cúig cinn d'fhéitheacha.

Bíonn na páistí ag súgradh le chéile an chuid eile den lá agus bíonn siad i mbarr na sláinte nó go dtagann an t-ochtú lá. Ansin tosaíonn an fiabhras ag breith orthu agus fanann siad sa leaba ar feadh dhá lá. I gceann ocht lá eile, bíonn siad chomh maith agus a bhí siad roimh an tinneas. Níl aon sampla le fáil d'aon duine a fuair bás dá bharr.

1. Cén galar a bhí coitianta agus marfach i Sasana, de réir Lady Montague?
2. Cén t-aireagán a d'fhág an galar seo gan dochar sa Tuirc, de réir Lady Montague?
3. Cé a ionaclaíonn páistí in aghaidh na bolgaí sa Tuirc agus cathain a dhéantar é, de réir Lady Montague?
4. Conas a dhéantar an t-ionaclú?
5. Cén fáth a raibh an oiread sin galar ann ag an am sin?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Maria Theresa.
2. Marsantachas.
3. Tógáil bóithre agus canálacha.
4. Voltaire.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúinsí a raibh an Boston Tea Party mar thoradh orthu i 1773?
2. Cé chomh mór agus a bhí tionchar an *Encyclopédie*?
3. Conas a chuaigh Caitríona Mhór agus/nó Feardorcha Mór i gcion ar imeachtaí san Eoraip?
4. Cé a bhunaigh plandálacha sclábhaithe na nIndiacha Thiar agus conas a eagraíodh iad?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Ar an 21 Eanáir 1793 chuaigh an Rí Louis XVI chuig ardán an ghilitín agus é á thionlacan ag Abbé Henry Edgeworth, sagart Éireannach a raibh cónaí air sa Fhrainc. Léigh an sliocht coimrithe seo a leanas as a chuntas agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Chomh luath agus a d'fhág an rí an carráiste, tháinig triúr gardaí ina thimpeall agus bhí siad chun a chuid éadaí a bhaint de ach chuir sé uaidh iad lena uabhar. Tháinig na gardaí timpeall air arís agus bhí siad le breith ar a lámha. “Cad atá sibh ag iarraidh a dhéanamh?” arsa an rí, ag tarraingt siar a lámha. “Tú a cheangal,” a d'fhreagair na hainniseoirí. “Mé a cheangal,” arsa an rí go feargach. Ní thoileoidh mé go deo leis sin: déan mar a ordaiodh daoibh, ach ní cheanglóidh sibh mé go deo.”

Bhí an cosán chun an ardáin an-gharbh agus bhí sé deacair siúl air; b'éigean don rí breith ar mo lámh mar thaca dó agus bhí sé ag gluaiseacht chomh mall sin gur shíl mé ar feadh nóiméid go dteipfeadh a mhisneach air. Ach nuair a tháinig sé chomh fada leis an gcéim dheiridh, mhothaigh mé gur scaoil sé an greim a bhí aige ar mo lámh go tobann, agus chonaic mé é ag trasnú an ardáin agus é ag siúl go bríomhar ó thaobh amháin go dtí an taobh eile. Thit an áit chun ciúnais agus chuala mé é ag fógairt na bhfocal suntasach seo go soiléir de ghlór ard: ‘Táim chun bás a fháil agus mé neamhchiontach sna coireanna ar fad a cuireadh i mo leith. Tugaim maithiúnas dóibh siúd is cúis le mo bhás; agus guím chun Dé nach n-agrófar mo chuid fola, a bheidh á doirteadh agaibh, ar an bhFrainc.’

1. Conas a tháinig Louis XVI chuig an áit ina raibh sé le cur chun báis?
2. Cad leis nár thoiligh an rí?
3. Cén sórt cosáin a bhí ag dul go dtí an t-ardán?
4. Cén focal sa sliocht a thugann le tuiscint gur mhaith Louis dóibh siúd a bhí á chur chun báis?
5. Cén phríomhchúis a bhí le Réabhlóid na Fraince?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cur ar ceal na trádála sclábhaithe.
2. Mary Wollstonecraft.
3. Fuascailt na nGiúdach.
4. Ludwig van Beethoven.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén cuspóir a bhí le Coiste na Slándála Poiblí agus conas a chuaigh sé i mbun a aidhmeanna a bhaint amach?
2. Conas a chuaigh Bunreacht Sibhialta na Cléire i gcion ar Réabhlóid na Fraince?
3. Cad iad na leasuithe marthanacha a thug Napoléon isteach sa Fhrainc?
4. Cad iad na tosca ba chúis le fás Mhanchain?

Leathanach Bán

Leathanach Bán